

SEANCHAS

Chuala mé cainnt ar fhear a bhí ag iasgach ar Loch Coirib agus bhuail sé easgan. Bhí na heiteochaí a bhí uirthi dhá throigh ar aoirde nuair a nocht sí í féin os cionn uisge. Bhí sé a' ceapadh ins an am ar bhuail sé an easgan go raibh sé ar a' spota ba doimhne den loch. Sé'n chaoi ar scanntuigh sé nuair a chonaic sé an méid a bhí innte. Ní dhearnaidh sé ach an dorugha a chaitheamh sa loch agus a aghaidh a thabhairt ar an talamh agus iomra a fháisgeadh ar an mbád leis an bhfaithíos a bhí air roimhe an easgan mhór seo.

Chomh tréan in Éirinn agus b'fhéidir leis é bhí sé a' teacht isteach 'na talmhana agus an easgan ina dhiadh. Níl ann ach go raibh sé amuigh as an mbád agus é tamall beag suas ar an talamh nuair a bhí an easgan triomuighthe suas ar an talamh ina dhiadh. Nuair nar eirigh léithe greim a fhágáil air thug sí a haghaidh ar an loch aríst. Ní dheachaidh aon stopadh uirthi ach a' léimneacht go ndeachaidh sí isteach sa bpoll céadhna ar bhuail sé ann í aríst. Marach chomh tréan agus thug sé aghaidh ar an talamh bheadh sé sluígthe ag an easgan.

17/3/33

Chuala mé trácht ar fhear eile a mharbhuigh easgan le dorugha agus bhí dhá chéad bréam marbhadh aige an lá céadhna. Nuair a chuaigh sé a' sailleadh na heasgaine níor fhéad sé í a shailleadh go ndearnadh sé trí phíosá dhi agus chuir sé síos ar thóin an bhairrille í agus na dá chéad bréam os a cionn. Nuair a d'eirigh sé ar maidin bhí an easgan amuigh ar an urlár as an mbairrille agus na dhá chead bréam amuigh aici freisin.